
# Uimhreas: Tacair agus oibríochtaí – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi thacair agus oibríochtaí?

Cabhraíonn an tsórtáil agus meaitseáil tacar sna luathbhlianta scileanna amhairc a fhorbairt, mar aon le scileanna smaointeoireachta agus cuimhne, teanga agus réitigh fadhbanna. Is é an comhcheangal agus scaradh earraí i ngrúpaí/ tacair an chéad chéim thábhachtach i dtreo an tsuimithe agus an dealaithe. Is scileanna tábhachtacha iad an suimiú, dealú, iolrú agus roinnt a chuirtear i bhfeidhm in go leor coincheap matamaiticiúil, m.sh., *tacóidh siad le páistí a bheith ag obair go solúbtha agus go héifeachtúil le huimhreacha móra, deachúla, codáin agus céatadáin*. Is féidir le heolas maith ar oibríochtaí uimhris braistint neamhspleáchais a thabhairt do pháistí agus múineadh dóibh a bheith acmhainneach san fhíorshaol.

### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- Tabhair bosca do do pháiste ina bhfuil péirí stocaí scartha óna chéile. Tabhair ciseáin fholmha dó/di, ceann do gach ball teaghlaigh. Bí ag obair in éineacht le do pháiste chun na stocaí a chur in ord, a shórtáil, a chur i bpéirí agus a chur sna boscaí cearta.
- Cuir dúshlán roimh do pháiste bréagáin a shórtáil de réir cineáil agus a chur i ngrúpaí atá ar cóimhéid. Fiosraigh le do pháiste bealaí chun líon iomlán na mbréagán a bailíodh a fháil amach, m.sh., *tá cúig bheart againn agus tá sé bhréagán i ngach beart. Cén chaoi ar féidir linn an t-iomlán a ríomh?*
- Bíodh baint ag do pháiste le comhábhair do bhácáil/chócaireacht a ullmhú. Déan earraí atá cosúil lena chéile a shórtáil agus a chur i ngrúpaí. Cruthaigh scéalta uimhreach bunaithe ar na comhábhair, m.sh., *cé mhéad glasra atá ag teastáil uainn ar an iomlán. Má úsáidimid na cairéid i dtosach, cé mhéad glasra a bheidh fágtha againn?*
- Bíodh baint ag do pháiste leis an mbord a réiteach don dinnéar, m.sh., déan plé ar an gcaoi gur féidir an suimiú agus an méadú a úsáid chun fáil amach cé mhéad scian/forc/spúnóg atá ag teastáil.
- Scrúdaigh féilire. Lorg patrúin. Cuir dúshláin roimh do pháiste líon na laethanta atá i gcoicís/i dtrí seachtaine a ríomh, cé mhéad lá go dtí go mbeidh laethanta saoire na scoile ann etc.
- Bíodh do pháiste páirteach agus an tsiopadóireacht bhia á déanamh. Cuir dúshlán roimh do pháiste costas na n-earraí a ríomh ag baint úsáid as costas an aonaid, m.sh., *tá sé oráiste uainn. Tá costas 50c ar oráiste amháin. Cén costas a bheidh orthu le chéile?*
- Taispeáin agus labhair le do pháiste faoi bhille, m.sh., *bille leictreachais*. Scrúdaigh costas an aonaid agus déan plé ar an gcaoi go ríomhtar an costas iomlán trí úsáid a bhaint as méadú.
- Spreag do pháiste oibríochtaí uimhris a úsáid chun plandaí, torthaí, glasraí, agus bláthanna sa ghairdín nó sa pháirc a chomhaireamh go sciobtha.






### LEABHAIR

- *Ten Red Apples*, Pat Hutchins, 4+ bliana d'aois
- *Handa's Surprise*, Eileen Browne, 4+ bliana d'aois
- *Simon Sock*, Sue Hendra, 4+ bliana d'aois
- *One is a Snail, Ten is a Crab: A Counting by Feet Book*, April Pulley Sayre and Jeff Sayre, 4+ bliana d'aois
- *All the Little Ones and a Half!*, Mary Murphy , 5+ bliana d'aois
- *365 Penguins, Jean Luc Fromental*, 6+ bliana d'aois
- *Less Than Zero, Stuart J. Murphy*, 7+ mbliana d'aois
- *Multiplying Menace: The Revenge of Rumpelstiltskin*, Pam Calvert, 9+ mbliana d'aois

** Cuireann do leabharlann áitiúil raon leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpáistí a fhorbairt*

## CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Jenga: déan taifead ar fhíricí uimhreach ar bhloic Jenga. Tóg an túr ag baint úsáid as na bloic Jenga. Cuir dúshlán roimh do pháiste an fhíric uimhreach ar na bloic a fhreagairt fad is atá na bloic á mbaint ón túr.
- Cleas na bacóide: tarraing cearnóga chleas na bacóide ar an talamh le cailc agus cuir fíricí uimhreach atá le freagairt i ngach cearnóg, m.sh., *36÷6*.
- Tóraíocht Taisce: cuir cártaí le fíricí uimhreach orthu timpeall an tí. Cuir dúshlán roimh do pháiste na cártaí a aimsiú agus na fíricí uimhreach ar gach cárta a fhreagairt.
- Caith thart liathróid sacair mhéadaithe: Scríobh uimhreacha randamacha ar na spotaí bána ar liathróid sacair. Pasáil an liathróid chuig duine eile agus iarr orthu breathnú ar na huimhreacha is gaire dá n-ordóga. Méadaigh an dá uimhir ar a chéile agus abair an freagra os ard.







## AG FOGHLAIM AR LÍNE

- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/

***Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne:*** tacair agus oibríochtaí, uimhreas, foghlaim, bunscoil, matamaitic, comhcheangail, foroinn, suimiú, dealú, méadú, suimiú leantach, roinnt, dealú leantach, fachtóirí, iolraithe, uimhreacha príomha, uimhreacha ilchodacha, cluichí, gníomhaíochtaí

## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Líníochtaí cailce: tarraing tacair na n-earraí is fearr leat ar an talamh le cailc agus bíodh an líon céanna earraí iontu ar fad m.sh. cineálacha carranna, cineálacha ainmhithe, cineálacha cácaí etc. Cruthaigh abairtí uimhreach do gach líníocht.
- Oragámaí – páipéar a scaradh: cuir dúshlán roimh do pháiste bileoga páipéir a scaradh i gcodáin éagsúla, m.sh., *trianta, ceathrúna, cúigithe etc.*
- Damhán Alla an Mhéadaithe: gearr amach ocht bpoll bheaga in íochtar bhuidéal uisce. Cuir ceithre réiteoir píopa isteach sa bhuidéal trí na poill go mbeidh cosa ag an damhán alla. Maisigh na cosa le coirníní. Caithfidh na cosa go léir a bheith mar a chéile. Cas na réiteoirí píopa timpeall orthu féin chun na coirníní a dhaingniú. Scríobh abairtí méadaithe bunaithe ar na damháin alla, m.sh., *8 x 2, 8 x 3 etc.*





## DO CHUID SMAOINTE FÉIN





Forbraíodh i gcomhar le **Mary McMahon, Múinteoir Bunscoile, Co. Chorcaí**